



An
Bord
Pleanála

Clár na hÉisteachta ó Bhéal

ABP-312875-22 agus ABP-312877-22

Cás	Ordú Ceannaigh Éigeantaigh Chomhairle Chontae na Gaillimhe (Uimh. 1) 2021 (Bonneagar & Oibríochtaí) – Scéim Athailínithe N63 ón Lios go dtí an Mainistir (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ)) agus athailíniú molta 2.3km ar an N63 (an fhorbairt bhóthair atá beartaithe)
Dáta	An Déardaoin an 24 Samhain 2022
Am Tosaigh	10.00 r.n.
An Láthair	Ar líne

Is é cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do gach páirtí, ar mian leo é sin a dhéanamh, aighneachtaí breise a dhéanamh le cois a n-agóidí scríofa, agus ligean don chigire soiléiriú a lorg ar aon saincheistanna ábhartha a thagann chun cinn agus ar aon agóidí a dhéanfar. Beidh deis ag páirtithe freisin ceistanna a chur nó soiléiriú a lorg ar aighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht. mmm

Níl aon dualgas ar aon pháirtí aighneacht a dhéanamh don éisteacht ó bhéal ná ceistanna a chur ar na páirtithe eile. Déanfaidh an cigire agus an Bord gach aighneacht i scríbhinn a gheofar roimhe sin a mheas. Ar an gcúis seo, ní gá aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe sin a athrá ag an éisteacht ó bhéal.

Iarrtar ar gach páirtí cuimhneamh ar nádúr an iarratais seo agus a chinntiú go mbaineann gach cur i láthair nó ceist le hábhar. Meabhraítear duit nach bhfuil aon ról nó dlínse ag an mBord i gcinneadh, nó i measúnú cúitimh i ndáil leis an OCÉ agus gur

cheart é seo a chur san áireamh in aon aighneacht a dhéanfar chuig an éisteacht seo, mar ní ghlacfar le haon phlé maidir le cúiteamh.

Ar chríochnú na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an cigire tuarascáil agus moladh ar an gcás don Bhord. mmm Is é an Bord a dhéanfaidh an cinneadh an OCÉ a dhaingniú nó a neamhniú agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe a cheadú nó diúltú di.

Féadfaidh an Bord a ordú go go ndéanfar íocaíocht le haon duine i leith costas a thabhaigh an té sin de bharr bheidh i láthair ag ag an éisteacht. Is faoi rogha an Bhoird a dhéanfar aon íocaíocht. mmm Ba chóir aon iarratas ar chostais a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBord laistigh de thrí seachtaine ó dháta na héisteachta sin.

Má tá sé ar intinn agat cóip scríofa de d'aighneacht a sholáthar nó áiseanna amhairc a úsáid agus tú ag labhairt (cur i láthair, léarscáileanna, grianghraif, srl.), ba cheart iad sin a chur isteach i bhformáid dhigiteach chuig an mBord ar a laghad 3 lá oibre roimh páirt a ghlacadh san éisteacht (agus coinneofar iad ar chomhad an cháis tar éis na héisteachta ó bhéal).

Déanfaidh soláthraí seirbhíse arna eagrú ag an mBord Pleanála na haighneachtaí a chuirtear faoi bhráid na héisteachta ó bhéal seo a thaifeadadh. mmm Níl cead agat imeachtaí na héisteachta ó bhéal a thaifeadadh. mmm

Tá clár oibre agus ord maidir le labhairt ag an éisteacht ó bhéal leagtha amach thíos, mar aon le hamchlár. mmm Ba cheart do pháirtithe a thabhairt faoi deara nach bhfuil sa chlár ama seo ach leagan táscach agus go bhféadfadh athrú teacht air le linn na héisteachta ó bhéal.

Clár Oibre – ABP-312875-22 / ABP-312877-22	
Am	Topaic
10.00 r.n.	<ul style="list-style-type: none"> • Oscailt na héisteachta ag cigire
10.15 – 10.45 r.n.	<ul style="list-style-type: none"> • Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an cás i láthair <ul style="list-style-type: none"> ○ Forbhreathnú gairid ar an OCÉ agus ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ○ Údar a thabhairt maidir le héadáil na talún agus tagairt a dhéanamh do roghanna eile a breithníodh ○ Freagra na Comhairle ar aighneachtaí i scríbhinn a rinne agóideoirí nó breathnadóirí
10.45 r.n.- 11.00 r.n.	Sos (15 nóiméad)
11.00 r.n. – 12.00 nóin	<ul style="list-style-type: none"> • Cur i láthair an cháis ag ionadaí: <ul style="list-style-type: none"> ○ Lucy Woods ○ Padraic Conneely ○ An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ○ Bonneagar Iompair Éireann <p>(15 nóiméad an ceann)</p>
12.00 nóin – 1.30 i.n.	<ul style="list-style-type: none"> • Na páirtithe ag ceistiú a chéile mar seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Agóideoirí nó breathnóirí ag ceistiú Chomhairle Chontae na Gaillimhe ○ Comhairle Chontae na Gaillimhe ag ceistiú agóideoirí ○ Cigire ag ceistiú Chomhairle Chontae na Gaillimhe nó agóideoirí

	(30 nóiméad an ceann)
1.30 – 2.00 i.n.	Sos (30 nóiméad)
2.00 i.n. – 2.30 i.n.	<ul style="list-style-type: none"> • Tráchtanna deiridh san ord seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> ○ Agóidí nó breathnóirí ○ Comhairle Chontae na Gaillimhe <p><i>(mura dtarraingítear aon saincheisteanna nó ábhar nua anuas)</i></p>
2.30 i.n.	Dúnfaidh an cigire an éisteachta ó bhéal